2014. S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 3.30

Uimhir an Ionaid [ ] Scrúduimhir [ ]

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)

3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | | |
| **Bónasmharc as freagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

**ROINN 1**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1.** Grianghraif iad seo thíos de cheathrar polaiteoirí ar baill den Chomhaireacht iad faoi láthair, nó ar bhaill den Chomhaireacht iad roimhe seo, i rialtas ns hÉireann.

Sa spás atá ar fáil, meaitseáil tideal gach polaiteora leis an ngrianghraf ceart.

**Tideal**: An tAire Oideachais agus Scileanna
An Tánaiste, an tAire Gnóthaí Eachtracha
An Taoiseach
An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige

**Níl sé ceadaithe aon tideal a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**

| | |
|---|---|
| <br>**Ainm:** Enda Kenny<br>**Teideal:** ______________________ | <br>**Ainm:** Eamon Gilmore<br>**Teideal:** ______________________ |
| <br>**Ainm:** Frances Fitzgerald<br>**Teideal:** ______________________ | <br>**Ainm:** Ruairi Quinn<br>**Teideal:** ______________________ |

(8 marc)

**2.** Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) Is é M ____________________ D. Ó hU______________________ Uachtarán na hÉireann.

(b) Is iad an Taoiseach, an Tánaiste, na hAirí agus an tArd-Aighne an C ______________.

(c) Is é P__________________ R __________________ Céad-Aire Thuaisceart Éireann.

(d) An coincheap de chuid OSSP a bhaineann le haire a thabhairt don timpeallacht go freagrach ná M ________________.

(e) Is é B _________ K ____ M __________ Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

(f) Feidhmíonn an scéim F ______________ C ___________ agus an scéim Pobal ar Aire mar chomhpháirtíocht idir an pobal áitiúil agus na Gardaí.

(g) Toghann Éire a h-aon FPE déag chuig P_____________ na hE_____________.

(h) Tionóltar an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in S__________________________.

(8 marc)

**3.** Cuir tic sa bhosca [ ] taobh leis an bhfreagra ceart ar gach ceist in (a), (b) agus (c) thíos.
**Ná cuir tic le níos mó ná freagra AMHÁIN ar gach ceist.**

(a) Tar éis reifreann a bhí ann in 2013, beidh Cúirt nua i gcóras dlí na hÉireann. Is é an t-ainm a bheidh air ná

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | An Chúirt Leanaí | [ ] | (ii) | An Chúirt Achomhairc | [ ] |
| (iii) | An Ard-Chúirt | [ ] | (iv) | An Chúirt Uachtarach | [ ] |

(b) Is féidir leis an duine seo fianaise a thabhairt faoi rudaí atá ar eolas aige/aici i gcás cúirte:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | Ionchúisitheoir | [ ] | (ii) | Giúiré | [ ] |
| (iii) | Breitheamh | [ ] | (iv) | Finné | [ ] |

(c) Is é a thugtar ar rialacháin a dhéanann údaráis áitiúla ná

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | An Dlí Coiteann | [ ] | (ii) | Dlí na hÉireann | [ ] |
| (iii) | Fodhlíthe | [ ] | (iv) | Dlí na hEorpa | [ ] |

(3 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

## 1. SAORÁNACHT DHIGITEACH: PICTIÚIR AR LÍNE

**Scrúdaigh *Saoránacht Dhigiteach: Pictiúir Ar Líne* – Póstaer do Roinn 2, Ceist 1, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar bpóstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad is ainm don eagraíocht a rinne an póstaer seo?

________________________________________________

Cad ba chóir duit a dhéanamh chun breis eolais agus acmhainní mar gheall ar an tsaoránacht dhigiteach a fháil?

________________________________________________

(2 mharc)

(b) Cén fáth ar chóir duit a bheith deas agus gan ach na pictiúir is fearr de do chairde a roinnt le daoine eile?

________________________________________________

________________________________________________

Cén chomhairle a thugtar anseo dá dtarraingeodh pictiúr trioblóid ar chara leat?

________________________________________________

(2 mharc)

(c ) Cad a d'fhéadfadh tarlú d'aon rud a phostálann tú ar líne, de réir an phóstaeir seo?

________________________________________________

________________________________________________

Nuair a bhíonn tú ag smaoineamh ar phictiúr a phostáil ar líne, céard é triail Mhamó?

________________________________________________

________________________________________________

(3 mharc)

(d) Moladh gur chóir go mbeadh ar gach leanbh faoi 16 bliana d'aois pas a fháil i 'dTriail Úsáideora Idirlín' le go dtabharfaí cead dó teacht iomlán a bheith aige ar an idirlíon.

Tabhair argóint **AMHÁIN** ar son an mholta seo agus argóint **AMHÁIN** ina choinne.

Argóint ar a shon:________________________________________

__________________________________________________

Argóint ina choinne________________________________________

__________________________________________________

(4 mharc)

(e) Fadhb an-tromchúiseach í an chibearbhulaíocht a chuireann isteach ar mhórán daoine óga. Tá sé beartaithe ag **DO SCOILSE** feachtas múscailte feasachta a eagrú faoin bhfadhb seo agus tá sé mar chúram ortsa na bileoga a dhearadh don fheachtas.

Mol sluán do bhileoga an fheachtais.

Sluán: ____________________________________________

Seachas na bileoga a dháileadh, déan cur síos ar ghníomhaíocht a d'fhéadfadh **DO SCOILSE** a dhéanamh chun an feachtas a chur chun cinn sa phobal áitiúil.

Cur síos ar an nGníomhaíocht:

__________________________________________________

__________________________________________________

__________________________________________________

(3 mharc)

**2. NELSON MANDELA - AMLÍNE**

**Scrúdaigh *NELSON MANDELA - AMLÍNE* do Roinn 2, Ceist 2, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an amlíne seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé a thug an t-ainm 'Nelson' ar Mandela?

________________________________________

Cén fáth ar caitheadh Mandela amach as an ollscoil?

________________________________________

Cén rud é Sléacht Sharpeville a tharla i 1960?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Cén fáth ar cuireadh Mandela sa phríosún i 1962?

________________________________________

________________________________________

Cén fáth a raibh an bhliain 1994 chomh tábhachtach sin don Afraic Theas?

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén aois a bhí ag Mandela nuair a d'éirigh sé as an saol poiblí?

________________________________________

Cén dáta ar a bhfuair Nelson Mandela bás?

________________________________________

(2 mharc)

(d) Ba ghníomhaí mór ar son chearta an duine é Nelson Mandela, ach is féidir le gach duine cearta an duine a chur chun cinn.

Ainmnigh gníomhaíocht a d'fhéadfadh **DO RANG OSSP** a dhéanamh chun tacú le cearta an duine agus déan cur síos ar an ngníomhaíocht sin.

Ainm na gníomhaíochta : ______________________________________________

Cur síos ar an ngníomhaíocht: ____________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(4 mharc)

(e) 'Is é an t-oideachas an uirlis is cumhachtaí is féidir a úsáid chun an domhan a athrú,' a dúirt Nelson Mandela.

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? (Cuir tic le freagra amháin, le do thoil.)

AONTAÍM: ________________ NÍ AONTAÍM: ________________

Mínigh do thuairim.

Míniú: _______________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(3 mharc)

**3. AN tAONTAS EORPACH (AE)**

**Scrúdaigh *An tAontas Eorpach (AE)* – Bileog Fíricí do Roinn 2, Ceist 3, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileog fíricí seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé mhéad tír agus duine ata san Aontas Eorpach anois?

Tíortha: ____________________ Daoine: ____________________

Cén rud a bhfuil bratach an Aontais Eorpaigh ina siombail air?

______________________________________________________________

Cad as ar tógadh an fonn a ghabhann le haintiún na hEorpa?

______________________________________________________________

(3 mharc)

(b) Céard é mana an Aontais Eorpaigh?

______________________________________________________________

Cén fáth a ndéantar Lá na hEorpa a cheiliúradh ar 9 Bealtaine?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén fáth a ndearnadh cinneadh eagraíocht phobail Eorpach a bhunú tar éis an Dara Cogadh Domhanda, de réir na bileoige fíricí?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Ainmnigh **DHA** acmhainn a chomhthiomsaigh na tíortha nuair a thosaigh siad ag comhoibriú lena chéile?

1. ______________________________ 2. ______________________________

(2 mharc)

(d) Gach cúig bliana bíonn toghchán san Aontas Eorpach chun baill de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh. Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go n-oibreodh na tíortha san AE le chéile.

Cúis 1: ______________________________

______________________________

Cúis 2: ______________________________

______________________________

(4 mharc)

(e) Tá sé de cheart ag saoránaigh vóta a chaitheamh i dToghcháin na hEorpa, rud a thugann deis dóibh tionchar a bheith acu ar comhdhéanamh na parlaiminte agus ar na cinntí a dhéanann sí. Uaireanta milleann daoine a vóta d'aon turas i dtoghchán.

Tabhair cúis **AMHÁIN** a ndéanfadh duine sin.

Cúis amháin: ______________________________

______________________________

Cad é an difríocht idir vóta a mhilleadh agus gan vóta a chaitheamh in aon chor?

______________________________

______________________________

______________________________

(3 mharc)

**4.** **WWF: UCHTAIGH TÍOGAR**

**Scrúdaigh *WWF: Uchtaigh Tíogar* – Leathanach Gréasáin do Roinn 2, Ceist 4, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé mhéad tíogar fiáin a mheastar atá ann inniu, de réir an tsuímh ghréasáin?

______________________________________________

Ainmnigh **DHÁ** earra a bhíonn san áireamh i do phaca uchtaithe tíogair?

(i) ____________________ (ii) ____________________

(2 mharc)

(b) Ainmnigh slí **AMHÁIN** a gcabhraíonn do chuid airgid leis na tíogair.

______________________________________________

______________________________________________

Cé mhéad fospeiceas tíogair atá díothaithe anois?

______________________________________________

(2 mharc)

(c) Leagtar béim sa leathanach gréasáin ar roinnt rudaí atá ag bagairt ar thíogair.
Ainmnigh **TRÍ** cinn díobh.

Bagairt 1:____________________________________

______________________________________________

Bagairt 2:____________________________________

______________________________________________

Bagairt 3:____________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

(d) Tá mórán zúnna anois ag iarraidh póir áirithe ainmnithe a shábháil ón ndíothú.
Seachas an obair seo, tabhair argóint **AMHÁIN** eile ar son ainmhithe a choimeád i zú, agus argóint **AMHÁIN** ina choinne.

Ar son zúnna: ______________________________________________

______________________________________________

I gcoinne zúnna: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(e) Is cuid ríthábhachtach dár dtimpeallacht iad na farraigí, na foraoisí, an ithir, an t-atmaisféar. Má scriosaimid aon chuid díobh sin, déanaimid dochar dúinn féin. Tá sé chomh simplí sin.
*Curtha in oiriúint ó Jay Woodman (*http://www.goodreads.com/quotes/859784)

Tabhair sampla **AMHÁIN** den dochar is féidir le daoine a dhéanamh don timpeallacht.

______________________________________________

______________________________________________

Ainmnigh agus déan cur síos ar ghníomhaíocht a d'fhéadfadh an dochar sin a chur ar ceal.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

**ROINN 3**
**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt,**
**iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é, le do thoil.**

## 1. Sábháilteacht ar na Bóithre




Tá do rang tar éis staidéar a dhéanamh ar choincheap an dlí in Éirinn agus anois teastaíonn uaibh béim a leagan ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar na bóithre. Tá sé beartaithe agaibh Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh ar an ábhar seo.

a) Ainmnigh ceist **AMHÁIN** a bhaineann le sábháilteacht ar na bóithre ar mhaith leat díriú uirthi. Mínigh go mionsonrach an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanfadh do rang chun béim a leagan ar an gceist seo. Cuir in iúl cén ról/cúram a roghnófá duit féin sa Tionscadal Gníomhaíochta seo. (6 mharc)

b) Scríobh litir chuig Príomhoide do scoile ag lorg ceada an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh. Déan cinnte de go dtugann tú **DHÁ** chúis a dteastaíonn uait an Tionscadal Gníomhaíochta seo a dhéanamh agus mínigh cén rud a bhfuil súil agaibh é a bhaint amach. (6 mharc)

c) Ainmnigh **CEITHRE** choiste nó fhoireann a bheidh ag teastáil chun an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh agus déan cur síos mionsonrach ar an obair a bheidh le déanamh ag gach ceann acu. (8 marc)

## 2. Toghcháin na gComhairlí Áitiúla



Samhlaigh go bhfuil tú sean go leor le seasamh mar iarrthóir neamhspleách sna Toghcháin Áitiúla in Éirinn agus go bhfuil d'fheachtas toghchánaíochta á phleanáil agat.

a) Liostaigh **SÉ** ghníomhaíocht a d'fhéadfá a dhéanamh chun go gcuirfeadh daoine eolas ort agus chun go mbeadh a fhios acu go bhfuil tú ag seasamh sa toghchán, agus mínigh go hachomair iad. (6 mharc)

b) Dear an póstaer a chuirfeá suas sa cheantar áitiúil mar chuid den fheachtas.
Ba chóir go **SPREAGFADH** an póstaer seo daoine le vótáil ar do shon.

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.) (6 mharc)

c) Ainmnigh ceist **AMHÁIN** a cheapann tú atá tábhachtach i do cheantar áitiúil, mínigh an cheist agus an tábhacht atá léi. Déan cur síos ar an rud ba mhaith leatsa a dhéanamh faoi. (8 marc)

## 3. Feirm Ghaoithe



Tá do rang OSSP tar éis staidéar a dhéanamh ar choincheap na forbartha. D'fhoghlaim tú gur féidir leis an bhforbairt pobail a dheighilt. Tá plean ann feirm ghaoithe nua a thógáil i do cheantar áitiúil agus níl an pobal ar aon tuairim faoi.

a) Luaigh go soiléir do thuairim féin faoi fheirmeacha gaoithe – is féidir leat a bheith ar son na forbartha seo nó ina coinne. Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil an tuairim sin agat. (6 mharc)

b) Tá sé beartaithe ag do rang OSSP cruinniú poiblí a eagrú chun deis a thabhairt do mhuintir na háite a dtuairimí ar fheirmeacha gaoithe a chur in iúl. Déan cur síos ar **SHÉ** chéim a thabharfaidh tú chun an cruinniú seo a eagrú. (6 mharc)

c) Teastaíonn uait go gclúdódh an raidió agus an nuachtán áitiúil an ócáid seo. Scríobh r-phost chucu ag tabhairt cuireadh dóibh a bheith ann. Bíodh **TRÍ** chúis ann a bhfuil sé tábhachtach go mbeidís i láthair. (8 marc)

## 4. Codladh thar Oíche ar Scoil ar son Focus Ireland

Is eagraíocht é Focus Ireland a chabhraíonn leis na mílte duine gan dídean ar fud na hÉireann. Tá sé beartaithe ag do rang OSSP codladh urraithe thar oíche a eagrú ar scoil chun airgead a bhailiú do Focus Ireland.

a) Iarradh ort taighde a dhéanamh ar obair Focus Ireland mar chuid den tionscadal seo. Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** mhodh difriúla taighde a mbainfeá úsáid astu chun eolas a bhailiú faoi Focus Ireland. (6 mharc)

b) Dear an póstaer a d'úsáidfeadh do rang chun mic léinn sa scoil a **SPREAGADH** le páirt a ghlacadh sa chodladh thar oíche seo. Caithfidh **TRÍ** bhlúire eolais mar gheall ar an gcodladh thar oíche a bheith ar an bpóstaer seo.

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.)

(6 mharc)

c) Shocraigh do rang cuireadh a thabhairt d'ionadaí ó Focus Ireland teacht chun na scoile go mbronnfaidh sibh seic dó/di don airgead atá bailithe ag do rang. Déan cur síos ar **CHEITHRE** thasc a bheadh ar do rang a dhéanamh chun an bronnadh seo a eagrú. (8 marc)

**Cuir tic [ ✓ ] leis an gceist as Roinn 3 atá tú a fhreagairt, le do thoil.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [*C2 (b) nó C4 (b)*] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**